Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

12885/25
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0277 (NLE)**

POLCOM 241
SERVICES 61
FDI 53
COLAC 149

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gComhairle um Thrádáil arna bunú leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta na Comhairle um Thrádáil agus an Choiste um Thrádáil a ghlacadh |

**Dréacht**

## CINNEADH
## ÓN gCOMHAIRLE UM THRÁDÁIL ARNA BUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ EATRAMHACH MAIDIR LE TRÁDÁIL IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS POBLACHT NA SILE

**maidir leis na Rialacha Nós Imeachta le haghaidh na Comhairle um Thrádáil agus an Choiste um Thrádáil a ghlacadh**

TÁ AN CHOMHAIRLE UM THRÁDÁIL,

Ag féachaint don Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, agus go háirithe Airteagal 33.1(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile ('an Comhaontú') i bhfeidhm an 1 Feabhra 2025.

(2) Is le hAirteagal 33.1(1) den Chomhaontú a bhunaítear an Chomhairle um Thrádáil.

(3) Is le hAirteagal 33.2(1) den Chomhaontú a bhunaítear an Coiste um Thrádáil.

(4) Chun feidhmiú na Comhairle um Thrádáil agus an Choiste um Thrádáil a áirithiú, ba cheart Rialacha Nós Imeachta na gcomhlachtaí sin a bhunú.

(5) Foráiltear le hAirteagal 33.1(5) den Chomhaontú '*Bunóidh an Chomhairle um Thrádáil a rialacha nós imeachta féin agus rialacha nós imeachta an Choiste um Thrádáil ag a céad chruinniú*',

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, glactar na gníomhartha dlí seo a leanas:

(a) Rialacha Nós Imeachta na Comhairle um Thrádáil atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(b) Rialacha Nós Imeachta an Choiste Trádála atá in Iarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. Tarraingíodh an Cinneadh seo suas i ndúblach i mBéarla. Féadfaidh gach Páirtí téacs an Chinnidh seo a aistriú go dtí na teangacha is gá le haghaidh a nósanna imeachta inmheánacha nó le haghaidh na faisnéise don phobal.

2. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Thar ceann na Comhairle um Thrádáil,

*An Cathaoirleach* *Na Rúnaithe*

Iarscríbhinn 1

RIALACHA NÓS IMEACHTA NA COMHAIRLE UM THRÁDÁIL

Riail 1

Ról na Comhairle um Thrádáil

Is í an Chomhairle um Thrádáil arna bunú de bhun Airteagal 33.1 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus an tSile (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) atá freagrach as gach ábhar nó saincheist dá dtagraítear san Airteagal sin.

Riail 2

Comhdhéanamh agus cathaoirleach

1. Leagtar amach comhdhéanamh agus cathaoirleach na Comhairle um Thrádáil in Airteagal 33.1(3).

2. Roimh an gcéad chruinniú den Chomhairle um Thrádáil, tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi ainm, post agus sonraí teagmhála an oifigigh ainmnithe atá i gceannas ar chomhchathaoirleacht a dhéanamh ar an gComhairle um Thrádáil don Pháirtí sin. Measfar an t-údarú a bheith ag an oifigeach ainmnithe sin ionadaíocht a dhéanamh ar an bPáirtí sin go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi oifigeach ainmnithe nua.

Riail 3

Comhordaitheoirí

Roimh an gcéad chruinniú den Chomhairle um Thrádáil, tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi ainm, post agus sonraí teagmhála an oifigigh ainmnithe atá i gceannas ar chomhchathaoirleacht a dhéanamh ar an gComhairle um Thrádáil don Pháirtí sin, de bhun Airteagal 33.3(1) den Chomhaontú. Measfar go leanfaidh an t-oifigeach sin de bheith ag gníomhú mar chomhordaitheoir don Pháirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile faoi oifigeach nua.

Riail 4

Na cruinnithe a thionól

Is é comhchathaoirleach an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú a thionólfaidh cruinnithe na Comhairle um Thrádáil de bhun Airteagal 33.1(2) den Chomhaontú.

Riail 5

Toscaireachtaí

Dhá sheachtain ar a laghad roimh chruinniú, cuirfidh na comhordaitheoirí a chéile ar an eolas faoi chomhdhéanamh beartaithe thoscaireacht an Aontais Eorpaigh agus na Sile, faoi seach, agus sonróidh siad ainm agus feidhm gach comhalta den toscaireacht.

Riail 6

An clár oibre le haghaidh na gcruinnithe

1. 21 lá ar a laghad roimh chruinniú, nó 14 lá roimh ré i gcás cruinnithe práinneacha, seolfaidh comhordaitheoir an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú togra le haghaidh clár oibre sealadach chuig an bPáirtí eile, maille le sprioc-am chun barúlacha a thabhairt. 14 lá ar a laghad roimh an gcruinniú, nó 10 lá roimh ré i gcás cruinnithe práinneacha, déanfaidh na comhordaitheoirí an clár oibre sealadach a tharraingt suas, agus na barúlacha á gcur san áireamh.

2. Glacfaidh an Chomhairle um Thrádáil an clár oibre ag tús an chruinnithe. Míreanna nach bhfuil ar an gclár oibre sealadach, féadfar iad a chur ar an gclár oibre trí chomhaontú frithpháirteach na gcomhchathaoirleach.

## Riail 7

## Cuireadh a thabhairt do shaineolaithe

Féadfaidh comhchathaoirligh na Comhairle um Thrádáil, trí chomhaontú frithpháirteach, cuireadh a thabhairt do shaineolaithe, go háirithe daoine nach oifigigh rialtais iad, freastal ar chruinnithe na Comhairle um Thrádáil chun faisnéis a chur ar fáil maidir le hábhair shonracha agus le haghaidh na gcodanna sin den chruinniú ina bpléitear na hábhair shonracha sin amháin.

## Riail 8

## Miontuairiscí

1. Ullmhóidh comhordaitheoir an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú laistigh de 15 lá tar éis dheireadh an chruinnithe, mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt. Seolfar na dréacht-mhiontuairiscí chuig comhordaitheoir an Pháirtí eile ar mhaithe le barúlacha a fháil.

2. Déanfar achoimre sna miontuairiscí, mar riail ghinearálta, ar gach mír atá ar an gclár oibre, agus sonrófar an méid seo a leanas iontu, i gcás inarb infheidhme:

   (a) na doiciméid ar fad arna gcur faoi bhráid na Comhairle um Thrádáil;

   (b) aon ráiteas a d’iarr duine de chomhchathaoirligh na Comhairle um Thrádáil a chur sna miontuairiscí; agus

   (c) na cinntí agus na moltaí a glacadh, na ráitis a comhaontaíodh agus na conclúidí a glacadh i leith míreanna sonracha.

3. Áireofar an méid seo a leanas sna miontuairiscí in iarscríbhinn:

(a) liosta ar a mbeidh cinntí uile na Comhairle um Thrádáil a glacadh trí nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 9(2) ón uair dheireanach a bhí cruinniú ag an gComhairle, nuair is infheidhme;

(b) liosta d'ainmneacha agus d'fheidhm gach duine a d'fhreastail ar an gcruinniú den Chomhairle um Thrádáil; agus

(c) liosta de chinntí uile na Comhairle um Thrádáil a glacadh sa chruinniú sin.

4. Cuirfidh an Rúnaíocht na dréacht-mhiontuairiscí in oiriúint do na barúlacha a gheofar. Déanfar na dréacht-mhiontuairiscí, arna n-athbhreithniú, a fhormheas trí chomhaontú na gcomhchathaoirleach laistigh de 30 lá tar éis dháta an chruinnithe, nó faoi aon dáta eile a chomhaontóidh na comhchathaoirligh. A luaithe a fhormheasfar é, eiseoidh comhordaitheoir an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú dhá chóip bhunaidh de na miontuairiscí agus tarchuirfidh sé cóip amháin chuig gach Páirtí.

Riail 9

Cinntí agus moltaí

1. Féadfaidh an Chomhairle um Thrádáil cinntí agus moltaí a ghlacadh maidir le gach ábhar dá bhforáiltear amhlaidh leis an gComhaontú.

2. Sa tréimhse idir cruinnithe, féadfaidh an Chomhairle um Thrádáil cinntí nó moltaí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn. Sna cásanna sin, seolfaidh comhchathaoirleach na Comhairle um Thrádáil téacs beartaithe an dréachtchinnidh nó an mholta chuig an gcomhchathaoirleach eile i dteanga oibre na Comhairle um Thrádáil, le tréimhse ama míosa amháin ar a laghad chun freagra a thabhairt. Mura n-aontaíonn an comhchathaoirleach eile nó mura bhfreagraíonn sé, pléifear an cinneadh nó an moladh atá beartaithe agus féadfar é a ghlacadh ag an gcéad chruinniú eile den Chomhairle um Thrádáil. Measfar na dréachtchinntí nó dréachtmholtaí a bheith glactha a thúisce a chuirfidh an Páirtí eile in iúl go nglacann sé leo laistigh de thréimhse ama a shonróidh an Páirtí a dhéanann an moladh agus déanfar sin a thaifeadadh i miontuairiscí chruinniú na Comhairle de bhun Riail 8(4).

3. I gcás ina dtugtar de chumhacht don Chomhairle um Thrádáil faoin gComhaontú cinntí nó moltaí a ghlacadh, tabharfar 'Cinneadh' nó 'Moladh' ar na gníomhartha seo, faoi seach. Cuirfidh na comhordaitheoirí sraithuimhir chéimnitheach agus dáta an ghlactha ar fáil d'aon chinneadh nó moladh. Déanfar foráil i ngach cinneadh nó moladh maidir le dáta a theacht i bhfeidhm.

4. Leagfar na cinntí agus na moltaí arna nglacadh ag an gComhairle um Thrádáil síos i ndúblach, fíordheimhneoidh na comhchathaoirligh iad agus seolfar cóip amháin chuig gach Páirtí.

Riail 10

Trédhearcacht

1. Féadfaidh an Chomhairle um Thrádáil teacht le chéile go poiblí, má chomhaontaíonn na comhchathaoirligh leis sin.

2. Féadfaidh gach páirtí a chinneadh cinntí agus moltaí na Comhairle um Thrádáil a fhoilsiú ina bhfoilseacháin oifigiúla féin.

3. Maidir le doiciméid a chur faoi bhráid na Comhairle um Thrádáil, tá feidhm ag Airteagal 32.4(2).

4. Cuirfidh na comhordaitheoirí an méid seo a leanas ar fáil don phobal:

   (a) clár oibre sealadach cruinnithe den Chomhairle um Thrádáil roimh an gcruinniú; agus

   (b) miontuairiscí cruinnithe den Chomhairle um Thrádáil tar éis a bhformheasta i gcomhréir le Riail 8.

5. Beidh foilsiú aon doiciméad de bhun mhíreanna 2 go 4 gan dochar do rialacha infheidhme gach Páirtí maidir le cosaint sonraí nó trédhearcacht.

Riail 11

Teangacha

1. Béarla a bheidh mar theanga oibre ag an gComhairle um Thrádáil.

2. Glacfaidh an Chomhairle um Thrádáil cinntí a bhaineann le leasú nó léirmhíniú an Chomhaontaithe de bhun fhomhíreanna (a) agus (b) d'Airteagal 33.1(6) den Chomhaontú, i dteangacha théacsanna barántúla an Chomhaontaithe. Is sa teanga oibre a ghlacfar gach cinneadh agus moladh eile ón gComhairle um Thrádáil.

3. Beidh gach Páirtí freagrach as cinntí agus doiciméid eile a aistriú go dtí a theanga oifigiúil féin nó a theangacha oifigiúla féin, i gcás inarb ábhartha, agus íocfaidh sé as caiteachas a bhaineann leis an aistriúchán sin.

Riail 12

Speansas

1. Íocfaidh gach Páirtí as aon speansas a thabhóidh sé de thoradh a bheith rannpháirteach i gcruinnithe na Comhairle um Thrádáil, speansais foirne, taistil agus cothaithe go háirithe, agus caiteachas teilea-chomhdhálacha, poist agus teileachumarsáide.

2. Íocfaidh an Páirtí a bheidh ina óstach ar an gcruinniú aon speansas a bhaineann le cruinnithe a eagrú, doiciméid a atáirgeadh agus seirbhísí ateangaireachta a sholáthar go dtí teanga oibre na Comhairle um Thrádáil agus ón teanga sin.

Iarscríbhinn 2

# RIALACHA NÓS IMEACHTA AN CHOISTE UM THRÁDÁIL

## Riail 1

## Ról an Choiste um Thrádáil

Tá an Coiste um Thrádáil arna bunú de bhun Airteagal 33.2 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus an tSile (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) freagrach as gach ábhar nó saincheist dá dtagraítear san Airteagal sin.

## Riail 2

## Comhdhéanamh agus cathaoirleach

1. Leagtar amach comhdhéanamh agus cathaoirleach an Choiste um Thrádáil in Airteagal 33.2(4).

2. Roimh an gcéad chruinniú den Choiste um Thrádáil, tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi ainm, post agus sonraí teagmhála an oifigigh ainmnithe atá i gceannas ar chomhchathaoirleacht a dhéanamh ar an gCoiste um Thrádáil don Pháirtí sin. Measfar an t-údarú a bheith ag an oifigeach ainmnithe sin ionadaíocht a dhéanamh ar an bPáirtí sin go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi oifigeach ainmnithe nua.

## Riail 3

## Comhordaitheoirí

Roimh an gcéad chruinniú den Choiste um Thrádáil, tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi ainm, post agus sonraí teagmhála an oifigigh a cheapfar mar chomhordaitheoir don Pháirtí sin, de bhun Airteagal 33.3(1) den Chomhaontú. Measfar go leanfaidh an t-oifigeach sin de bheith ag gníomhú mar chomhordaitheoir don Pháirtí go dtí an dáta a thabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile faoi oifigeach nua.

## Riail 4

## Na cruinnithe a thionól

Is é comhchathaoirleach an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú a thionólfaidh cruinnithe an Choiste um Thrádáil de bhun Airteagal 33.2(3) den Chomhaontú.

## Riail 5

## Toscaireachtaí

Dhá sheachtain ar a laghad roimh chruinniú, cuirfidh na comhordaitheoirí a chéile ar an eolas faoi chomhdhéanamh beartaithe thoscaireacht an Aontais Eorpaigh agus na Sile, faoi seach, agus sonróidh siad ainm agus feidhm gach comhalta den toscaireacht.

## Riail 6

## An clár oibre le haghaidh na gcruinnithe

1. 21 lá ar a laghad roimh chruinniú, nó 14 lá roimh ré i gcás cruinnithe práinneacha, seolfaidh comhordaitheoir an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú togra le haghaidh clár oibre sealadach chuig an bPáirtí eile, maille le sprioc-am chun barúlacha a thabhairt. 14 lá ar a laghad roimh an gcruinniú, nó 10 lá roimh ré i gcás cruinnithe práinneacha, déanfaidh na comhordaitheoirí an clár oibre sealadach a tharraingt suas, agus na barúlacha á gcur san áireamh.

2. Glacfaidh an Coiste um Thrádáil an clár oibre ag tús an chruinnithe. Míreanna nach bhfuil ar an gclár oibre sealadach, féadfar iad a chur ar an gclár oibre trí chomhaontú frithpháirteach na gcomhchathaoirleach.

Riail 7

Cuireadh a thabhairt do shaineolaithe

Féadfaidh comhchathaoirligh an Choiste um Thrádáil, trí chomhaontú frithpháirteach, cuireadh a thabhairt do shaineolaithe, go háirithe daoine nach oifigigh rialtais iad, freastal ar chruinnithe an Choiste um Thrádáil chun faisnéis a chur ar fáil maidir le hábhair shonracha agus le haghaidh na gcodanna sin den chruinniú ina bpléitear na hábhair shonracha sin amháin.

Riail 8

Miontuairiscí

1. Ullmhóidh comhordaitheoir an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú dréacht-mhiontuairiscí ar gach cruinniú laistigh de 15 lá tar éis dheireadh an chruinnithe, mura gcinnfidh na comhchathaoirligh a mhalairt. Seolfar na dréacht-mhiontuairiscí chuig comhordaitheoir an Pháirtí eile ar mhaithe le barúlacha a fháil.

2. Déanfar achoimre sna miontuairiscí, mar riail ghinearálta, ar gach mír atá ar an gclár oibre, agus sonrófar an méid seo a leanas iontu, i gcás inarb infheidhme:

   (a) na doiciméid ar fad arna gcur faoi bhráid an Choiste um Thrádáil;

   (b) aon ráiteas a d’iarr duine de chomhchathaoirligh an Choiste um Thrádáil a chur sna miontuairiscí; agus

   (c) na cinntí agus na moltaí a glacadh, na ráitis a comhaontaíodh agus na conclúidí a glacadh i leith míreanna sonracha.

3. Áireofar an méid seo a leanas sna miontuairiscí in iarscríbhinn:

(a) liosta ar a mbeidh cinntí uile an Choiste um Thrádáil a glacadh trí nós imeachta i scríbhinn de bhun Airteagal 9(2) ón uair dheireanach a bhí cruinniú ag an gCoiste, nuair is infheidhme;

(b) liosta d'ainmneacha agus d'fheidhm gach duine a d'fhreastail ar chruinniú an Choiste um Thrádáil; agus

(c) liosta de chinntí uile an Choiste um Thrádáil a glacadh sa chruinniú sin.

4. Cuirfidh an Rúnaíocht na dréacht-mhiontuairiscí in oiriúint do na barúlacha a gheofar. Déanfar na dréacht-mhiontuairiscí, arna n-athbhreithniú, a fhormheas trí chomhaontú na gcomhchathaoirleach laistigh de 30 lá tar éis dháta an chruinnithe, nó faoi aon dáta eile a chomhaontóidh na comhchathaoirligh. A luaithe a fhormheasfar é, eiseoidh comhordaitheoir an Pháirtí atá ina óstach ar an gcruinniú dhá chóip bhunaidh de na miontuairiscí agus tarchuirfidh sé cóip amháin chuig gach Páirtí.

5. I gcás ina mbeidh feidhm ag na rialacha seo maidir le cruinnithe na bhFochoistí, *mutatis mutandis*, cuirfear miontuairiscí chruinnithe na bhFochoistí ar fáil le haghaidh aon chruinnithe den Choiste um Thrádáil ina dhiaidh sin.

Riail 9

Cinntí agus moltaí

1. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil cinntí a ghlacadh sna cásanna dá bhforáiltear sa Chomhaontú, chomh maith le moltaí, lena n-áirítear nuair a bheidh na cumhachtaí sin tarmligthe chuige ag an gComhairle um Thrádáil.

2. Sa tréimhse idir cruinnithe, féadfaidh an Coiste um Thrádáil cinntí nó moltaí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn. Sna cásanna sin, seolfaidh comhchathaoirleach an Choiste um Thrádáil téacs beartaithe an dréachtchinnidh nó an mholta chuig an gcomhchathaoirleach eile i dteanga oibre an Choiste um Thrádáil, le tréimhse ama míosa amháin ar a laghad chun freagra a thabhairt. Mura n-aontaíonn an comhchathaoirleach eile nó mura bhfreagraíonn sé, pléifear an cinneadh nó an moladh atá beartaithe agus féadfar é a ghlacadh ag an gcéad chruinniú eile den Choiste um Thrádáil. Measfar an dréachtchinneadh nó an dréachtmholadh a bheith glactha an dáta a chomhaontóidh comhchathaoirleach an Pháirtí eile agus déanfar é a thaifeadadh i miontuairiscí chruinniú an Choiste de bhun Riail 8(4).

3. I gcás ina dtugtar de chumhacht don Choiste um Thrádáil faoin gComhaontú cinntí nó moltaí a ghlacadh, tabharfar 'Cinneadh' nó 'Moladh' ar na gníomhartha sin faoi seach. Cuirfidh na comhordaitheoirí sraithuimhir chéimnitheach agus dáta an ghlactha ar fáil d'aon chinneadh nó moladh. Déanfar foráil i ngach cinneadh nó moladh maidir le dáta a theacht i bhfeidhm.

4. Leagfar na cinntí agus na moltaí arna nglacadh ag an gCoiste um Thrádáil síos i ndúblach, fíordheimhneoidh na comhchathaoirligh iad agus seolfar cóip amháin chuig gach Páirtí.

Riail 10

Trédhearcacht

1. Féadfaidh an Coiste um Thrádáil teacht le chéile go poiblí, má chomhaontaíonn na comhchathaoirligh leis sin.

2. Féadfaidh gach Páirtí cinneadh a dhéanamh cinntí agus moltaí an Choiste um Thrádáil a fhoilsiú ina fhoilseachán oifigiúil féin nó ar líne.

3. Maidir le doiciméid a chur faoi bhráid an Choiste um Thrádáil, tá feidhm ag Airteagal 32.4(2).

4. Cuirfidh na comhordaitheoirí an méid seo a leanas ar fáil don phobal:

(a) clár oibre sealadach cruinnithe den Choiste um Thrádáil roimh an gcruinniú; agus

(b) miontuairiscí cruinnithe den Choiste um Thrádáil tar éis a bhformheasta i gcomhréir le Riail 8.

5. Beidh foilsiú aon doiciméad de bhun mhíreanna 2 go 4 gan dochar do rialacha infheidhme gach Páirtí maidir le cosaint sonraí nó trédhearcacht.

Riail 11

Teangacha

1. Is é an Béarla an teanga oibre a bheidh ag an gCoiste um Thrádáil.

2. Glacfaidh an Coiste um Thrádáil cinntí a bhaineann le leasú nó léirmhíniú an Chomhaontaithe de bhun fhomhír (b) d'Airteagal 33.2(7) den Chomhaontú, i dteangacha théacsanna barántúla an Chomhaontaithe. Is sa teanga oibre a ghlacfar gach cinneadh agus moladh eile ón gCoiste um Thrádáil.

3. Beidh gach Páirtí freagrach as cinntí agus doiciméid eile a aistriú go dtí a theanga oifigiúil féin nó a theangacha oifigiúla féin, i gcás inarb ábhartha, agus íocfaidh sé as caiteachas a bhaineann leis an aistriúchán sin.

Riail 12

Speansas

1. Íocfaidh gach Páirtí as aon chaiteachas a thabhóidh sé de thoradh a bheith rannpháirteach i gcruinnithe an Choiste um Thrádáil, caiteachas foirne, taistil agus cothaithe go háirithe, agus caiteachas teilea-chomhdhálacha, poist agus teileachumarsáide.

2. Íocfaidh an Páirtí a bheidh ina óstach ar an gcruinniú aon speansas a bhaineann le cruinnithe a eagrú, doiciméid a atáirgeadh agus seirbhísí ateangaireachta a sholáthar go dtí teanga oibre na Comhairle um Thrádáil agus ón teanga sin.

Riail 13

Coistí Speisialaithe agus comhlachtaí eile

1. De bhun fhomhír (d) d'Airteagal 33.2(6) den Chomhaontú, déanfaidh an Coiste um Thrádáil maoirsiú, treoir agus comhordú ar obair na gCoistí speisialaithe agus na gcomhlachtaí eile uile arna mbunú nó a d'fhéadfaí a bhunú faoin gComhaontú.

2. Cuirfear an Coiste um Thrádáil ar an eolas i scríbhinn faoi na pointí teagmhála a ainmneoidh Coistí Speisialaithe nó comhlachtaí eile arna mbunú faoin gComhaontú. Déanfar aon chomhfhreagras, doiciméid agus cumarsáid ábhartha idir pointí teagmhála gach Coiste speisialaithe maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe a chur ar aghaidh go comhuaineach chuig na comhordaitheoirí.